

'Ros na Rún'

- freagra Sheosaimh Uí Chuaig ar alt Antoine Uí Fhlatharta san 'Irish Times'



• Seosamh Ó Cuaig

Duine dínn féin é Antoine Ó Flathara. As Leitir Mealláin eisean. As Áill na Brún ar an taobh eile den chuan mise. Mar dhuine a chuir go láidir in aghaidh £300,000 d'airgead an Údaráis a chur isteach i 'Ros na Rún' agus mar dhuine a d'eagraigh cuid mhaith den vótáil ina

aghaidh is trua liom go gceapfadh Antoine gur locht ar bith a bhí againn air féin ná ar a chuid oibre mar níorbh ea ná tada mar é.

Ar bhonn prionsabail a chuir muid ina aghaidh i.e. gurb é dualgas reachtúil R.T.É féin a leithéid seo de chlár a dhéanamh agus má tá airgead le spáráil gur cheart é a chaitheamh le lámh chunta a thabhairt do na comhlachtaí Gaeltachta teilifíse atá againn go dtí seo agus le tuilleamh de mhuintir na Gaeltachta a thraenáil ionas gurb iadsan a bheas i mbun agus i mbarr na seirbhíse nua atá ar an mbealach.

Sé RTÉ a íocann mo pháí-se chuile choicís. Tá mé chomh dílis dóibh leis

an gcéad duine eile. Ach má tá is go bhfuil, ní thuigim fós cén fáth a mbeidís ag súil go gcaithfeadh an tÚdarás airgead a chur isteach i sraith a raibh sé cruthaithe go mbeadh éileamh air. Bhí 400,000 duine ag faire ar na cláracha samplacha. Nach sílfeá gurbh leor sin le go gcuirfeadh RTÉ an t-airgead iomlán ar fáil, mar a dhéanfaidís i gcás cláir den chineál céanna i mBéarla?

Ar an taobh eile den scála, chuir na comhlachtaí Gaeltachta atá againn 32 clár ar fáil ar £7000 an clár. Níl aon obair anois aríst acu. Gheobhfadh muid 42 clár eile astu ar an £300,000 a bhí i gceist a chur isteach i 'Ros na Rún', sin dá mbeadh muid féin - an

tÚdarás - ag íoc chuile phingin beo ar na cláracha. Dá mbeadh RTÉ sásta a ghabháil 50% sa gcostas linn gheobhfadh muid 84 clár nua ar £300,000.


Agus lena chois sin tá neart daoine le traenáil - thart ar 300 duine breise b'fhéidir. Cé as a dtiocfaidh siad sin mura mbreathnóidh an tÚdarás amach don scéal. Tabhair faoi deara a raibh le rá ag Lelia Doolan ar 'Film Ireland' le gairid. Tá comhlachtaí i mBleá Cliath 'brushing up on their Irish', dúirt sí, agus iad ag fanacht leis an tseirbhís nua teilifíse. Dúirt pearsa cáiliúil eile le gairid gur éasca Gaeilge a mhúineadh do theicneoir ná teicneolaíocht a mhúineadh do Ghaeilgeoir ó dhúchas. Is éasca freisin ar ndóigh más leor dhá fhocailín bhacacha Gaeilge leis na caoirigh a chur thar an abhainn...

Is muide, a Antoine, Indiachaí Dearga na hÉireann. Tá fhios agam go bhfuil staideár déanta

RAPIRE

TEORANTA

▪ INDREABHÁN ▪



Go n-éirí go geal leis an bPléarāca!

BEOCHEIST

Ros na Rún will not figure on RTE's autumn schedules. The soap's author, Antoine Ó Flatharta, asks why not

Ros an bhéil bhoicht

THART ar an Nollaig seo caite d'fhair timpeall 400,000 duine ar chlár beag gearr teilifíse. Dráma a bhí ann a chuaigh amach ar feadh 15 nóiméad sé lá na seachtaine. Ar nós chuile thús, ní raibh sé gan locht ach bhí i bhfad Éireann níos mó ceart faoi ná mícheart. Tá cuid mhaith cainte tarraingte aige le tamall agus ós rud é gur mise a scríobh *Ros na Rún*, ba mhaith liom cúpla rud a rá faoin scéal.

Tá mé ag scríobh drámaí stáitse agus teilifíse i nGaeilge agus i mBéarla le os cionn deich mbliana. Bhí, agus tá mé bródúil as *Ros na Rún*. Ar an gcéad dul síos tá mé bródúil go raibh mé ábalta a leithéid a scríobh. Chuala mé Bob Quinn ag caint ar an raidió agus é ag rá gur drámaíocht éasca leisiciúil é an 'soap'. Anois, tá an-mheas go deo agam ar Bob Quinn agus ar a chuid oibre le fada an lá. Silim gurb é féin agus Derek Jarman i Sasana beirt de na léiritheoirí scannán is taibhsíúla atá ag obair sna hoileáin seo faoi láthair.

Silim, áfach, go bhfuil dul amú mór air maidir leis an modh drámaíochta seo ar a dtugtar 'soap'. Níl ann ach téarma a clúdaíonn go leor. Agus tá mé ag rá mar scríbhneoir, nár mhaith duit bheith leisiciúil agus tú ag tabhairt faoi shraith theilifíse d'aon sórt a scríobh.

Anois, maidir le cinneadh Údarás na Gaeltachta — ba cheart a rá ar dtús nach mbeadh an tsraith seo ann an chéad lá riamh marach chomh fadbhraithneach a bhí cuid de na daoine a oibríonn san Údarás agus a thug chuile thacaíocht le *Ros na Rún* a tabhairt ar an saol. Ach is cosúil nuair a éiríonn go maith le rud sa tír seo gur mó an chontúirt. Is iontach an dream muid ag iarraidh muid féin a choinneáil síos go minic. Is dócha go bhfuil rud éigin le déanamh ag easpa

muiníne leis an rud ar fad. Tá sé seo fíor i mBéarla freisin ach ar a laghad ar bith nuair a mholtar do chuid oibre as Béarla i Sasana nó Meiriceá bíonn glacadh leat sa bhaile ansin.

Thart ar dheich mbliana ó shin bhí raic mhór ann nuair a rinne Bord Scannán na hÉireann cinneadh suim airgid a thabhairt do Neil Jordan leis an scannán *Angel* a dhéanamh. Bhí an tuairim go láidir ann ag an am go mbeadh sé níos fearr roinnt níos mó a dhéanamh ar an airgead seo. Silim go bhfuil sé cruthaithe ag Neil Jordan ó shin go raibh an ceart ag BSE sa chás seo agus gurbh fhearr an tairbhe dúinn ar fad go minic caitheamh go réasúnta le rud agus tabhairt faoi le muinín.


Ar aon nós, bíonn go leor bladhmainn gan ciall ná réasún leis á lua leis an airgead a chaitear ar scannáin. Chuile sheans go bhfuil sé níos costasaí daoine a choinneáil ar an dól go minic ná iad a chur ag obair ar shraith theilifíse. Agus téann cuid mhaith den airgead a chaitear ar scannánaíocht ar ais sa cheantar ina ndéantar an obair. I cás *Ros na Rún* ceantar an Spidéal. Ní raibh fiú mar sin an peaca mór faiseanta sin, "tá an t-airgead ar fad ag dul go Bleá Cliath" ag tarlú.

Agus mé ag caint faoin ábhar sin is é mo thuairim go bhfuil an dearcadh seo ar Bhaile Atha Cliath mar bhaile an diabhail imithe beagán rófhada. Is as Leitir Mealláin mise agus tá mé i mo chónaí i mBaile Atha Cliath mar gheall go dtaitheann sé sin liom. Mar gheall ar an sórt oibre a dhéanaim d'fhéadfaínn dul ar ais go Conamara amárach dá mbeinn ag iarraidh. Ach nílím. Ní mar gheall go bhfuil aon drochmheas agam ar an gceantar inar rugadh is ar tógadh mé ach mar gheall gur fearr liom saol cathrach.

Ní thugtar leathoiread moladh do háilleacht chathrach. Is i gcathracha a tharla beagnach gach gluaiseacht shóisialta a thug dul chun cinn don chine daonna. Tá fhios agam gur tharla go leor drochrudaí i gcathracha freisin.

Nach fada an rud seo ar fad ó *Ros na Rún*, deir tú. Is i an fhirinne nach fada agus sin é an fáth a bhfuil mé ag scríobh an phiosa seo. Dá mba rud é go raibh mise i mo chónaí thiar i gConamara agus mé mór leis na daoine cearta gach seans go mbeadh mo 'streetcred' níos fearr i suíle daoine áirithe. Bheadh *Ros na Rún* níos 'homegrown' mar gheall go mbeinn i mo chónaí go fisiciúil san áit.

Níor cheart dúinn faitíos a bheith orainn tabhairt faoi chuile shaghas agus réimse clár. Dá mbeadh an diospóireacht agus na sceana sa droim thart nuair a thosaigh rudaí ar nós *Glenroe* ní bheadh seans aige. Nach bhfuil sé forónta go mbeadh sé céad uair níos éasca dul ar aghaidh le *Ros na Rún* dá mbeadh sé i mBéarla agus *Rosrone* air. Dá ndéanfaí i mBéarla é ní bheadh ach clai amháin le caitheamh, breith an phobail a fhaireann air.



• Antoine Ó Flatharta

agatsa ar chuid de na reservations i Meiriceá. Chaith mé féin Lá Fhéil Pádraig na bliana seo caite in éineacht leis na 'Sioux', mar a tugadh orthu ar reservation Sisseton i South Dakota. An cheist mhór atá le socrú faoi 'Theilifís na Gaeltachta' arb iad Indiaigh na Gaeltachta a bheas i gceannas nó an bhfágfar faoi na 'hAgency Men' é. Maidir le tábhacht na cathrach ní hé Washington príomh-áras na Sioux - Wounded Knee, déarfainn - agus ní hé Bleá Cliath príomhchathair an náisiún bhuaite arb iad Gaeilgeoirí dúchais na hÉireann é.

Ar aon chaoi is féidir a ghabháil ró-fhada le tábhacht cathrach. Ní i gcathair a bhunaigh Mao-tze-Tung a chumhacht ná Íosa Críost ach oiread. Ní sa gcathair a bhailigh Fidel Castro cumhacht chuige féin

agus tá sé ann fós. (Tá súil agam go mbeidh freisin).

Ach fillfidh muid ar 'Ros na Rún'. Ná cuirtear locht ar Bhord an Údaráis má tugadh le tuiscint do dhaoine a bhí le ghabhail ag obair ar 'Ros na Rún' - aisteoirí cuir i gcás - go bhféadfaí a bheith cinnte go mbeadh airgead an Údaráis ar fáil, sin sula raibh sé pléite ag an mBord chor ar bith.

Agus seo fíric thábhachtach eile: níl ionad do Cheannáras Theilifís na Gaeltachta socraithe fós agus ba mhaith go dtuigfí anois go bhfuil daoine ina gcónaí freisin idir an Spidéal agus Leitir Mealláin, gan trácht ar Ros Muc, Cill Chiaráin, Cárna srl..

Mar bhuille scoir, ná bíodh imní ar bith ort faoi do 'streetcred' i gConamara, a Antoine - chomh fada agus is eol domsa tá sé thar cionn. B'fhearr liom go bhfillfeá ar an 'reservation' ar ndóigh ach mura bhfillfidh féin tá súil agam go mbeidh tú ar fáil i gcónaí mar scriptscríbhneoir do Theilifís na Gaeltachta. Sé do leithéide atá ag teastáil. •

Pádraig Ó Conghaile

• SIOPADÓIR •

Carnus Uachtar, Carnus, Co. na Gaillimhe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca